# Bileog Oibre – Cén baint atá ag toiliú leis?

Cóipeáil agus gearr amach go leor cásanna chun cás amháin a thabhairt do gach grúpa lena phlé.



1. Tá grúpa cairde ag cóisir agus bhí go leor le hól acu. Tugann siad dúshlán dá chéile dul suas go dtí duine éigin a bhfuil dúil acu iontu agus iad a phógadh.
   - Dá mbeadh ort buille faoi thuairim a thabhairt, cén inscne iad na daoine seo? Cén fáth?
   - An bhfuil aon impleachtaí dlíthiúla anseo maidir le toiliú?
   - Fiú amháin lasmuigh den dlí, an gceapann tú go bhfuil sé ceart go leor duine a phógadh gan a dtoiliú? Cén fáth a gceapann tú sin?

2. Tá post deireadh seachtaine ag duine óg ag bailiú gloiní i mbeár áitiúil. Gach deiridh seachtaine buaileann grúpa áirithe daoine lena chéile agus, tar éis cúpla deoch, ceapann siad go bhfuil sé greannmhar clabhta a thabhairt do thóin an duine óig agus iad ag siúl thar bhráid.
   - Dá mbeadh ort buille faoi thuairim a thabhairt, cén inscne iad na daoine sin agus cén fáth?
   - An bhfuil aon impleachtaí dlíthiúla i gceist maidir le toiliú?
   - Fiú amháin lasmuigh den dlí, an gceapann tú go bhfuil sé ceart go leor clabhta a thabhairt do dhuine ar an mbealach seo gan a dtoiliú? Cén fáth?

3. Agus scoláire ag damhsa le cairde ag dioscó scoile, leagann scoláire eile lámha orthu. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an scoláire eile ar meisce.
   - Dá mbeadh ort buille faoi thuairim a thabhairt, cén inscne iad na daoine seo? Cén fáth?
   - An bhfuil aon impleachtaí dlíthiúla anseo maidir le toiliú?
   - Fiú amháin lasmuigh den dlí, an gceapann tú go bhfuil sé ceart go leor teagmháil a dhéanamh le duine ar an mbealach seo gan a dtoiliú? Cén fáth a gceapann tú sin?

4. Tá duine ólta le grúpa cairde, agus i rith na hoíche éiríonn sé/sí lom nocht agus déanann sé/sí damhsa don chraic. Tógann ‘cara’ físeán agus cuireann sé/sí ar na meáin shóisialta é; cuireann daoine eile ar aghaidh chuig a dteagmhálacha é.
   - Dá mbeadh ort buille faoi thuairim a thabhairt, cén inscne iad na daoine sin agus cén fáth?
   - An bhfuil aon impleachtaí dlíthiúla i gceist maidir le toiliú?
   - Fiú amháin lasmuigh den dlí, an gceapann tú go bhfuil sé ceart go leor grianghraif a ghlacadh de dhuine i gcuma leochaileach agus iad a phostáil nó iad a roinnt gan a dtoiliú? Cén fáth?

5. Tá duine ar meisce agus seolann siad pictiúr nocht chuig duine éigin ina rang.
   - Dá mbeadh ort buille faoi thuairim a thabhairt, cén inscne iad na daoine seo? Cén fáth?
   - An bhfuil aon impleachtaí dlíthiúla anseo maidir le toiliú?
   - Fiú amháin lasmuigh den dlí, an gceapann tú go bhfuil sé ceart go leor do dhuine íomhá ghnéasach a sheoladh chuig duine eile gan a dtoiliú? Cén fáth a gceapann tú sin?